

Ábhar

Canúintí na Gaeilge

Mír Físe

Speaking Irish

Aonad 6, Agallamh 4

00:32:12

Aoife Ní Chonchúir

(Le caoinchead ó na húdair agus ó na foilsitheoirí McGraw-Hill).

Á chur in oiriúint do rang ina bhfuil mic léinn Ghaeltachta

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Canúintí na Gaeilge

Réamhphlé

Is as Corca Dhuibhne í Aoife agus tá sí ag caint sa mhír seo ar conas mar a chuaigh sí i ngleic le canúintí eile. Sula bhféachann tú ar an mír pléigh na ceistanna seo le duine eile:

- An dóigh leat go gcothaíonn canúintí eile deacrachtaí do dhaoine óga ón nGaeltacht? Dá gcothódh, cén cineál deacrachtaí a bheadh i gceist, dar leat?
- Cén aoisghrúpa is mó a mbeadh deacracht aige le canúint eile, dar leat?
- Cad atá ar eolas agat faoi na difríochtaí idir canúintí na Gaeilge?
- An mbíonn aon deacracht agat canúintí eile a thuiscint?

Éisteacht


Anois féach ar an mír agus freagair an cheist seo:

Cad iad na samplaí de mhíthuiscintí canúna a luann Aoife?

Feasacht Teanga

1. Cuir na focail seo a leanas isteach sna ciorcail chuí a léireoidh cén chanúint lena mbaineann siad. Cad iad na cinn atá comhchiallach?

sceadamán, scornach, caincín, gaosán, buartha (*sorry*), buartha (*worried*), píosa (ceapaire), píosa (*a bit*), casóig, cóta, *frock* (cóta), puinn, mórán, n'fheadar, níl a fhios agam, siosmaideach, ciallmhar, fata, práta, canathaobh?, cén fáth?, cad chuige?, eireaball, trioball, ruball, damhsa, rince, traochta, tuirseach, cúramach (*careful*), cúramach (*busy*).



2. Toisc go mbíonn roinnt réamhfocal difriúil sa Chaighdeán Oifigiúil leis an tslí a ndeirtear iad sa chanúint, cothaíonn siad roinnt deacrachtaí do chainteoirí dúchais. Pléigh aon rialacha atá ar eolas agat faoi seo leis an duine in aice leat agus bainigí triail as na cleachtaí seo a leanas:
 - Beidh orm post a fháil roimh (+ an samhradh).
 - Caithfidh mé cárta a sheoladh chuici roimh (+ an tsochraid).
 - Bhí a lán botún agam sa (+ tionscadal) sin.
 - Bain an pláta sin de (+ an freastalaí).
 - Tabhair é sin do (+ an mac léinn) eile.
 - Táim ag freastal ar (+ an coláiste).
 - Caithfidh mé dul ar (+ an bus) mar nach bhfuil go leor airgid agam do (+ an traein).
 - Cad a dúirt sí faoi (+ an bhean) sin? Ní dúirt sí aon rud faoi (+ an fear).
 - Níl mórán ar eolas agam faoi (+ an fheasacht teanga).
3. Dá mbeifeá le níos mó a fhoghlaim faoin ngné seo den ghramadach cén chuid de leabhar gramadaí a bhfaighfeá an t-eolas ann? Déan iarracht cleachtaí faoin ngné seo den teanga a fháil le déanamh tú féin.
4. Cad atá ar eolas agat faoi na réamhfocail ‘gan’ agus ‘idir’? Pléigh aon rud atá ar eolas agat fúthu agus déan na cleachtaí seo:

Seo píosa as teachtaireacht ó léachtóir chuig a cuid comhghleacaithe – bain amach na lúibíní:

...ar eagla nach bhfeicim roimh an (Cáisc) sibh, ba mhaith liom beannachtaí na féile a sheoladh chugaibh uile. Téarma dían eile curtha isteach againn, ach go leor curtha i gcrích, idir (teagasc), (taighde), (cleachtadh) múinteoireachta, oiliúint teanglainne agus (foilseacháin) nua. Míle buíochas le gach uile dhuine agus bainigí sult as (saoire) na Cásca.

Anois bain amach na lúibíní sna habairtí seo:

Gan (cabhair) agus gan (cabhair) mhaith ní éireoidh liom an aiste seo a dhéanamh.

Beidh sé deacair an cluiche a bhuachan gan (Seán), gan (Peadar) agus gan (foireann) mhaith.

Táim tuirseach den taisteal ar fad idir (Baile Átha Cliath) agus (Corcaigh).

Bhí mé chomh tuirseach ag an deireadh seachtaine gur chodail mé idir (meán oíche agus (meán lae).

Bhí idir (mic léinn) agus (teagascóirí) i láthair ag an ócáid a d’eagraigh Roinn na Gaeilge le déanaí.

5. Seo thíos samplaí as an mír de cheann de na tréithe a bhaineann le canúint na Mumhan. Cén tréith atá i gceist?
 - nuair a chuas dhon Ghaillimh
 - bhíos ag déanamh staidéir
 - go dtí go mbogas
 - agus go dtosnaíos

Iarphlé

1. Deir Aoife go mbíodh Raidió na Gaeltachta ar siúl sa teach i gcónaí. An amhlaidh do do theach féin agus tú ag fás aníos? An éisteannt tusa le Raidió na Gaeltachta anois? Cén fáth? Cé air a bhfuil sé dírithe, dar leat? An dóigh leat go bhfuil tábhacht ag baint leis do mhuintir na Gaeltachta?
2. ‘go bhfuil sé de bhéas ag muintir na Gaeltachta an raidió a chasadh síos beagán nuair a thagann nuacht ó cheantair eile’ – pléigh seo. An gcuireann tú spéis sa nuacht áitiúil i do cheantar féin? An mbíonn aon deacrachtaí tuisceana agat leis an nuacht as ceantair eile? Cad iad na cláir is mó a gcuireann na daoine i do cheantar féin spéis iontu?
3. ‘tá rithim na teanga ana-dhifriúil’ – an aontaíonn tú le hAoife ansin? Cén chanúint is mó a mbíonn deacrachtaí agatsa léi?
4. Luann Aoife roinnt míthuiscintí idir canúintí – an bhfuil aon samplaí agatsa de seo?
5. Dá mbeifeá ag cur comhairle ar fhoghlaimeoir thar lear, cén chanúint a mholfaí dó a fhoghlaim?
6. An gothaíonn na difríochtaí idir canúint agus Caighdeán deacrachtaí duit i do chuid scríbhneoireachta? Conas? Bí ag faire amach do na deacrachtaí seo i do chuid tascanna scríofa agus coinnigh nóta díobh.

Tascanna

1. Déan féin agus an duine in aice leat liosta de na canúintí ar fad atá sa Ghaeilge (mórchanúintí agus mionchanúintí).

Féachaigí ar an suíomh gréasáin seo chun cur le bhur gcuid eolais ar chanúintí.
<http://www.uni-due.de/DI/index.html>

2. Cuardaigh cartlann Raidió na Gaeltachta agus éist le clár (nó píosa de chlár) ar a bhfuil cainteoirí le cibé canúint a cheapann tú atá deacair. Déan anailís ar aon deacrachtaí tuisceana atá agat.
3. Seo samplaí de chlár áitiúla a bhíonn le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta agus ina mbíonn na trí mhórchanúint le cloisteáil.

Canúint na Mumhan	‘An Saol ó Dheas’
Canúint Uladh	‘Barrscéalta’
Canúint Chonnacht	‘Iris Aniar’

Cuardaigh an liosta de phodchraoltaí an Raidió agus faigh cláir eile as na ceantair éagsúla. Cad iad na cinn a mbeadh spéis agat féin éisteacht leo?

4. Smaoinigh féin agus an duine in aice leat ar Bhéarla mhuintir na Gaeltachta. An bhfuil tréithe ar leith ag baint leis? Cén tionchar atá ag foghraíocht na Gaeilge ar an mBéarla sin? Déanaigí liosta de na tréithe.

Tá eolas spésiúil ag an nasc seo faoi thréithe a bhaineann le canúint Uladh:
<http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/594/gaeilge/>

Téipscript

Bhuel ní raibh mórán deacrachtaí agam leo mar bhíodh Raidió na Gaeltachta ar siúl sa tigh againn i gcónaí. Agus bhíodh sé ar siúl sa chúlra i gcónaí, agus cé go bhfuil sé de bhéas ag muintir na Gaeltachta an raidió a chasadh síos beagán nuair a thagann nuacht ó na ceantair eile, fós féin tá sé sa chúlra agus cloiseann tú é. Agus nuair a chuas dhon Ghaillimh – bhíos, hmm, ag déanamh staidéir ar an nGaeilge ansan san ollscoil – agus ba as Conamara formhór na ndaoine a bhí ag obair ann agus bhíos ag éisteacht le canúint Chonamara ansan an t-am ar fad agus ní raibh puinn teagmhála agam le canúint Uladh go dtí go mbogas go Baile Átha Cliath agus go dtosnaíos ag obair ansan san ollscoil agus bhíos timpeallaithe ar fad ag muintir Chúige Uladh agus, hmm...bhí sé beagáinín deacair mar tá rithim na teanga ana-dhifriúil agus tá cuid den stór focal difriúil agus rudaí mar sin.

Ach i ndeireadh an lae níl sé chomh difriúil sin ar fad. Bhí cúpla míthuiscint ann, maith go leor, nuair a thosnaíos ag obair. Mar shampla, bhí cailín amháin, ó Ghaoth Dobhair ab ea í – Nóirín – agus bhí sí ag obair ansan sa teaglann agus arsa í liom lá amháin, dúirt sí, ‘Ó, tá mo sciathán nimhneach.’ ‘Nimhneach’, arsa í. Agus chuir sé seo ana-iontas orm, mar i gcanúint na Mumhan an bhrí atá leis sin ná *poisonous wing* seachas *sore arm*, an dtuigeann tú? So, bhí sin saghas...bhí sé greannmhar, na míthuiscintí sin. Bhí cúpla rud eile leis. I gcanúint na Mumhan deirmidne ‘láithreach’ agus an rud atá i gceist againn ná ‘i gceann tamaill,’ ach i gcanúintí eile an bhrí atá leis ná ‘cruinn díreach,’ ‘anois díreach.’ So, tá rudaí mar sin saghas greannmhar, mar ní thuigeann daoine eile, b’fhéidir, an, an malairt brí atá leis.